C/2024/1567

5.3.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa - Creat AE le haghaidh straitéisí náisiúnta um an easpa dídine bunaithe ar an bprionsabal 'Tús Áite don Tithíocht'

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/1567)

Rapóirtéir: **María del Carmen BARRERA CHAMORRO**

Comhrapóirtéir: **Ákos TOPOLÁNSZKY**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	21.11.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	13.12.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	583
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	172/2/5

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Is díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) seoladh an Ardáin Eorpaigh chun an Easpa Dídine a Chomhrac (EPOCH) agus obair an Choimisiúin Eorpaigh ar an easpa dídine. Teastaíonn ó CESE an easpa dídine a choinneáil ina tosaíocht ó thaobh bheartas sóisialta an Aontais de sa tréimhse roimh na toghcháin Eorpacha agus ina ndiaidh. Tá aistriú straitéiseach de dhíth; is é sin le rá go gcaithfear díriú ar dheireadh a chur leis an easpa dídine, seachas ar a bainistiú.

1.2. Tá a fhocal tugtha ag CESE go mbeidh sé ina chomhpháirtí gníomhach de chuid EPOCH, agus é ar cheann de shínitheoirí Dhearbhú Liospóin (2021) agus ar cheann de bhaill Bhord Stiúrtha EPOCH.

1.3. Iarrann CESE go bhforbrófaí straitéis Eorpach um an easpa dídine a mbeadh EPOCH ina dhlúthchuid di, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí beartais náisiúnta a chur san áireamh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh chun an easpa dídine a chomhrac. Mar bhonn faoin straitéis sin, ba cheart don Chomhairle moladh a eisiúint maidir leis an easpa dídine. Dá bhrí sin, iarrann CESE ar Uachtaránacht na Beilge ar an Aontas Eorpach tús a chur lena leithéid de mholadh a ullmhú.

1.4. Iarrann CESE freisin ar an gCoimisiún Eorpach togra le haghaidh clár oibre ilbhliantúil nua a dhréachtú a luaithe is féidir agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, na hinstitiúidí Eorpacha agus na geallsealbhóirí eile. Sa chás ab fhearr, chuimseodh an clár oibre nua sainordú iomlán an Choimisiúin Eorpaigh atá le teacht. Iarrann CESE páirt níos dlúithe i ngníomhaíochtaí agus rialachas EPOCH a thabhairt do dhaoine a bhfuil taithí phearsanta acu ar an easpa dídine.

1.5. Is díol sásaimh do CESE na tionscadail arna maoiniú ag an gCoimisiún faoi shruthanna oibre EPOCH. Mar sin féin, ós rud é gur tionscadail *ad hoc* a bhfuil teorainn ama leo na tionscadail sin, tá CESE den tuairim gur cheart don Choimisiún buiséad struchtúrach a chur ar fáil faoi Chlár maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) le haghaidh rialachas agus ghníomhaíochtaí athfhillteacha EPOCH.

1.6. Ba mhaith le CESE dá ndéanfadh EPOCH cur chun cinn gníomhach ar an bprionsabal 'Tús Áite don Tithíocht' mar réiteach sistéamach ar easpa sheasta na dídine. Molann CESE clár oiliúna Eorpach a chur ar bun chun borradh a chur faoin nglacadh atá leis an Tús Áite don Tithíocht.

1.7. Iarrann CESE freisin ar na Ballstáit beart a dhéanamh de réir a mbriathair mar shínitheoirí de chuid Dhearbhú Liospóin agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030. Ba thábhachtach garspriocanna uaillmhianacha réadúla a bhunú ina leith sin, cinn a bheifí in ann a bhaint amach.

1.8. Impíonn CESE ar na Ballstáit beartais náisiúnta um an easpa dídine a fhorbairt d'fhonn a gcuid gealltanas de réir Dhearbhú Liospóin a chomhlíonadh agus cur chuige an Túis Áite don Tithíocht a fhí isteach ina gcuid straitéisí náisiúnta um an easpa dídine.

1.9. Iarrann CESE freisin ar an gCoimisiún leanúint den chomhrac i gcoinne na heaspa dídine trí bhíthin na ngníomhartha agus na straitéisí Eorpacha ábhartha uile, lena n-áirítear Straitéis AE um Chomhionannas Inscne, Straitéis AE um Chomhionannas LGBTIQ, Creat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, an Straitéis Eorpach um Míchumas, an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an nGeilleagar Sóisialta, an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann agus cur chuige cuimsitheach an Aontais maidir leis an meabhairshláinte.

1.10. Teastaíonn gníomh tiomnaithe Eorpach ó CESE d'fhonn na húdaráis bhainistíochta a spreagadh, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, chun CSE+ agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a úsáid chun réitigh tithíochta do dhaoine gan dídean a chistiú.

1.11. Is údar imní do CESE go bhfuil ardú ag teacht ar líon na ndaoine a bhfuil ioncam ón obair acu ach ar daoine gan dídean iad mar sin féin, agus ba dhíol sásaimh dó dá ndéanfaí taighde ar an bhfadhb ar an leibhéal Eorpach, idir fhairsinge agus chineál na faidhbe sin.

1.12. Is údar imní do CESE freisin an méadú atá ag teacht ar líon na saoránach Eorpach soghluaiste atá gan dídean, agus iarrann sé ar an Údarás Eorpach Saothair treoir a chur ar fáil do na Ballstáit faoin gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin.

1.13. Creideann CESE gur cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha dul i ngleic leis an easpa dídine mar shaincheist de chuid chearta an duine, agus aghaidh a thabhairt ar bhonn práinne ar choiriúlú agus pionósú na ndaoine gan dídean a bhíonn ag maireachtáil ar an tsráid.

2. **Cúlra**

2.1. Mar a tugadh chun suntais i nDearbhú Liospóin maidir leis an Easpa Dídine a Chomhrac, tá an easpa dídine ar cheann de na cineálacha eisiamh shóisialta is measa amuigh. Bíonn drochthionchar amach is amach aici ar shláinte coirp agus intinne an duine, ar fholláine agus cáilíocht saoil an duine, agus ar an teacht atá ag an duine ar an bhfostaíocht agus ar sheirbhísí sóisialta agus eacnamaíocha ([1]). Baineann an easpa dídine le Ballstáit uile an Aontais agus is in olcas atá sí ag dul le deich mbliana anuas.

2.2. De réir mheastacháin Chónaidhm Eorpach na nEagraíochtaí Náisiúnta atá ag Obair le Daoine gan Dídean (FEANTSA) agus Fondation Abbé Pierre, is amuigh ar an tsráid nó in ionad do dhaoine gan dídean a chodlaíonn ar a laghad 895 000 duine gach oíche san Aontas. Idir na daoine gan dídean a bhfuil foscadh acu agus iad siúd nach bhfuil, tháinig méadú faoi bhreis agus a dhá oiread ar a líon le 15 bliana anuas. An líon daoine a bhíonn thíos leis an easpa dídine seal – an easpa dídine is deacair a thabhairt faoi deara san áireamh, cuir i gcás an t-imeacht ó tholg go tolg – is ionann sin agus cúpla milliún duine gach bliain.

2.3. Tá an easpa dídine agus an bhochtaineacht fite fuaite ina chéile: a luaithe a théann an éagobhsaíocht eacnamaíoch i méid, téann baol na heaspa dídine i méid dá réir. Lena chois sin, is measa fós méid na heaspa dídine san Aontas de dheasca phaindéim COVID-19. Dar le Caritas, tháinig méadú 25-30 % ar an éileamh ar chúnamh bia in Iarthar na hEorpa ó mhí an Mhárta 2020 go mí Bealtaine na bliana céanna ([2]). Bhí an dream óg ar cheann de na grúpaí ba mhó a bhí thíos leis an bpaindéim. Sa Fhrainc, ón lá a thit an ghéarchéim shláinte amach, bhí ar dhuine as gach cúigear idir 18 agus 24 bliana d'aois dul i muinín an chúnaimh bia, agus bhí imní ar bhreis agus duine as gach triúr nach mbeadh sé d'acmhainn aige a chuid costais tí a íoc in 2021 ([3]).

2.4. Tá grúpaí áirithe sa phobal a bhfuil an easpa dídine tar éis dul i méid iontu, ina measc siúd tá an dream óg, na mná agus pobal LGBTIQ. Tá an easpa dídine ag baint níos mó do na himircigh freisin, na hiarrthóirí tearmainn agus na dídeanaithe san áireamh. Seans go dtiocfaidh méadú arís ar sciar na ndídeanaithe den phobal gan dídean san Aontas, de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin i measc rudaí eile. Údar imní is ea sciar díréireach na saoránach soghluaiste de phobal gan dídean an Aontais, go háirithe an líon daoine a bhíonn ag codladh amuigh.

2.5. Tá baol ann go rachaidh méid na heaspa dídine in olcas san Aontas agus na praghsanna fuinnimh ag dul in airde ar fud na hEorpa, rud a fhágann go bhfuil an bhochtaineacht fuinnimh ag dul ó smacht. In 2019, dúirt os cionn 30 milliún Eorpach nach raibh sé d'acmhainn acu an teach a choinneáil te go leor ([4]), agus d'fhéadfadh líon ní ba mhó a bheith i gceist amach anseo de dheasca na coinbhleachta armtha atá ar bun san Úcráin. Agus na praghsanna fuinnimh ag dul in airde, cuirtear leis na costais a bhíonn le híoc ag na tionóntaí, agus is minic an díshealbhú agus an easpa dídine, fiú, ina dtoradh air sin.

([1]) Dearbhú Liospóin maidir leis an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac, an 21 Meitheamh 2021.
([2]) *Escala de la pobreza – Coronavirus en Europa: largas filas para pedir bolsas de comida, otra postal de la pandemia* [Méid na Bochtaineachta – An Coróinvíreas san Eoraip: scuainí fada le haghaidh cúnamh bia, comhartha eile de chuid na paindéime], Clarin Mundo, 16 Bealtaine 2020.
([3]) Suirbhé ó Ipsos a cuireadh ar 1 000 duine thar ceann Fondation Abbé Pierre, an 14 agus an 15 Eanáir 2021.
([4]) https://institutdelors.eu/en/publications/europe-needs-a-political-strategy-to-end-energy-poverty/.

2.6. Ní gá gur ann don easpa dídine: toradh is ea í ar roghanna áirithe polaitiúla agus eacnamaíocha a ghlactar ([5]). Cúis eile leis an easpa dídine is ea an ganntanas tithíochta leormhaithe, lena n-áirítear an tithíocht atá feiliúnach do riachtanais ar leith, cuir i gcás riachtanais a bhaineann leis an míchumas. Ar an drochuair, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar ionchas saoil an duine gan dídean, go mbainfeadh fadhbanna sláinte dó, go ndéanfaí leithcheal air, go bhfágfaí as féin é agus go mbeadh constaicí idir é agus seirbhísí agus sochair bhunúsacha phoiblí. Ina fhianaise sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh an tAontas, in éineacht leis na Ballstáit, freagairt chuimsitheach bheartais a ghlacadh a gcuimseofaí aistriú straitéiseach ann le go ndíreofaí ar dheireadh a chur leis an easpa dídine, seachas ar a bainistiú, mar ábhar práinne ó thaobh na hEorpa Sóisialta de, go háirithe i gcomhthéacs Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

2.7. Cé gur ann do na sonraí agus gur ann don tsaincheist i gcónaí ar chlár oibre polaitiúil an Aontais agus cuid de na Ballstáit, níor tugadh aghaidh ar an easpa dídine i gceart fós ar leibhéal na hEorpa ná ar an leibhéal náisiúnta. Níor thángthas ar chur chuige uilíoch ceart ná ar réitigh straitéiseacha chuimsitheacha go fóill, rud a léiríonn nár éirigh le haon Bhallstát fadhb na heaspa dídine a réiteach go fóill, agus, rud eile de, is in olcas atá sí ag dul i ngach ceann díobh. Dá bhrí sin, d'fhonn an easpa dídine a chomhrac, ba cheart don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit go léir beartais a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar an gceart chun tithíochta sóisialta leormhaithe inacmhainne. Caithfear na beartais náisiúnta a thabhairt le chéile ionas nach mbeidh difríochtaí eatarthu a d'fhéadfadh na fadhbanna a bhogadh ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Is éard a theastaíonn ó CESE straitéis Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac, straitéis a d'fhágfadh go bhféadfaí beartais náisiúnta a chur san áireamh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i dtaca leis sin. Ba cheart straitéis Eorpach um an easpa dídine a sheoladh i gcéad téarma eile an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine ar bhonn comhaontaithe comhordaithe, straitéis arbh é ab aidhm di dul chun cinn suntasach a dhéanamh faoi 2030 maidir leis an easpa dídine a laghdú, féachaint, ar deireadh, le deireadh a chur léi ina hiomláine laistigh de sprioctréimhse shainithe.

2.8. Ba cheart dul chun cinn a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach freisin, i dtaca le feabhas a chur ar bhailiú na sonraí staidrimh, d'fhonn tacú leis an lucht ceaptha beartas. Tá gá le sonraí níos iontaofa faoi na cineálacha difriúla easpa dídine atá ann, lena n-áirítear an easpa dídine i measc na n-óg, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí anailís ní b'fhearr a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar an scéal agus go bhféadfaí comparáid chórasach agus faireachán a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Uirlis thábhachtach a bheadh sa mhéid sin, uirlis a d'fhéadfadh a bheith ina cuid den straitéis Eorpach a bheidh ann amach anseo chun deireadh a chur leis an easpa dídine.

2.9. Creideann CESE gur cheart na daoine lena mbaineann a chur i gcroílár an bheartais chun an pobal a spreagadh chun rannpháirtíochta. Leis sin, chothófaí cumas an duine beart a dhéanamh.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Is údar imní í an easpa dídine atá ag dul i méid san Aontas agus a chuireann isteach ar na milliúin daoine gach bliain. Mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh, ar bhoilsciú phraghas na dtithe agus ar a theoranta atá na hacmhainní poiblí, tá brú ar na Ballstáit, ar brú é atá ag dul i méid, freastal a dhéanamh ar riachtanais tithíochta na ngrúpaí leochaileacha atá thíos leis an eisiamh ón tithíocht agus le trasnachas na leochaileachtaí, rud a fhágann gur mó seans go bhfágfar iad gan dídean.

3.2. I mí an Mheithimh 2021, rinne Uachtaránacht na Portaingéile ar an Aontas EPOCH a sheoladh le tacaíocht ón gCoimisiún. Dearbhú Liospóin, arb é bunús polaitiúil EPOCH é, rinne gach ceann de 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún, Parlaimint na hEorpa, CESE, Coiste na Réigiún agus roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha agus geallsealbhóirí eile é a shíniú. Leis an dearbhú sin, ghabh na sínitheoirí orthu féin obair i gcomhar a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac agus iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach faoi 2030. Cur chuige atá á threorú ag ceist na tithíochta, ba é sin an bealach ab éifeachtaí le dul i ngleic leis an easpa dídine agus lena seachaint, de réir na sínitheoirí.

3.3. Athdhearbhaíonn CESE cúig bhunphrionsabal Dhearbhú Liospóin, agus iarrann sé ar na Ballstáit an méid a leanas a áirithiú:

— nach gá do dhuine ar bith dul a chodladh amuigh de dheasca cóiríocht éigeandála iomchuí shábháilte inrochtana a bheith gann;

— nach gá do dhuine ar bith a bheith ina chónaí in ionad cóiríochta éigeandála ná ionad cóiríochta idirthréimhse thar an achar ama a theastóidh chun réiteach buan ar easpa dídine an duine sin a shocrú;

— nach gcuirfear duine ar bith as ionad ar bith (príosún, ospidéal nó ionad cúraim) gan rogha iomchuí thithíochta a thairiscint dó;

— go seachnófar an díshealbhú i ngach cás inar féidir, agus nach gcuirfear aon duine as a theach gan cúnamh a thabhairt dó réiteach iomchuí tithíochta a fháil, nuair is gá;

— nach mbeidh an easpa dídine ina cúis le leithcheal a dhéanamh ar aon duine.

3.4. Tá sé á mheabhrú ag CESE go sonraítear i nDearbhú Liospóin gur cheart do na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla féachaint leis an méid a leanas a chur chun cinn: cosc na heaspa dídine, rochtain ar thithíocht bhuan agus soláthar seirbhísí tacaíochta cumasúcháin do na daoine gan dídean.

([5]) IO C 24, 28.1.2012, lch. 35.

3.5. Ní beag an obair a dhéanann EPOCH leis an gcomhrac i gcoinne na heaspa dídine a thiomáint chun cinn trí bhíthin creat beartais Eorpach atá tiomanta dó sin. Is obair é sin nach foláir a chaomhnú. Tá struchtúr rialachais agus clár oibre ilbhliantúil aige faoin tráth seo. Is iad seo a leanas trí shruth oibre EPOCH: (i) sonraí a bhailiú, dul chun cinn an bheartais a threorú agus faireachán a dhéanamh air; (ii) an fhoghlaim chomhpháirteach; agus (iii) an rochtain ar chistí agus deiseanna maoiniúcháin an Aontais. Is díol sásaimh do CESE an ról comhordaitheora atá ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), FEANTSA agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa sna sruthanna oibre faoi seach.

4. **Barúlacha sonracha**

An easpa dídine

4.1. Is ceist chasta í ceist na heaspa dídine. Cé go bhfuil sainmhínithe éagsúla ag na Ballstáit go léir ar an rud is easpa dídine ann, tá comhdhearcadh ag teacht chun cinn gurb éard atá inti feiniméan dinimiciúil a bhaineann le dream níos mó ná an dream a bhíonn ag maireachtáil ar an tsráid. Aithnítear an méid sin sa sainmhíniú a roinneadh i dtíopeolaíocht ETHOS (an tíopeolaíocht Eorpach maidir leis an easpa dídine agus an eisiamh ón tithíocht) FEANTSA, ina n-áirítear na daoine a chodlaíonn amuigh, na daoine a fhanann in ionad do dhaoine gan dídean nó i dtearmainn do mhná (idir an chóiríocht éigeandála agus an chóiríocht fhadtéarmach), daoine a bhfuil an-éiginnteacht ag baint lena gcás tithíochta, amhail na daoine a scaoilfear as ionad éigin go luath nach bhfuil aon áit eile le dul acu, nó na daoine a imíonn ó tholg go tolg, mar aon leis na daoine a bhfuil cóiríocht an-mhíshásúil tithíochta acu, amhail na daoine a bhfuil cónaí orthu i dtithe ar fógraíodh nach féidir maireachtáil iontu agus na daoine nach bhfuil aon cheart tionóntachta acu.

4.2. Is ilchineálach an pobal a bhíonn thíos leis an easpa dídine. An chuid is mó den phobal sin, is fir mheánaosta iad. Mar sin féin, tá mná, daoine óga, teaghlaigh agus leanaí ina gcuid den phobal gan dídean freisin. Cúis imní is ea an méadú atá ag teacht ar an líon daoine gan dídean arb imircigh iad nó ar daoine de bhunadh mionlaigh eitnigh iad, agus tá aird ar leith ag teastáil ó ghrúpaí áirithe, amhail daoine LGBTIQ, daoine atá faoi mhíchumas, agus na daoine gan dídean atá ag dul in aois. Tá sé tábhachtach, dar le CESE, beartais iomchuí a cheapadh le haghaidh gach spriocghrúpa ar leith, i gcomhar leo siúd atá thíos leis an easpa dídine.

4.3. Tá fadhb na heaspa dídine tar éis dul i méid le deich mbliana sa chuid is mó de na Ballstáit agus san Aontas ina iomláine. Léirítear i meastacháin FEANTSA gur tháinig méadú faoi bhreis agus a dhá oiread le 15 bliana anuas ar líon na ndaoine gan dídean a bhfuil foscadh acu agus iad siúd nach bhfuil foscadh acu, grúpa nach bhfuil ann ach cuid den phobal gan dídean. Is í an Fhionlainn an t-aon tír ar éirigh léi líon na ndaoine gan dídean a laghdú ar bhonn leanúnach le fiche bliain anuas. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil ag éirí leis an Danmhairg agus an Ostair an treocht a chur ina malairt de threo freisin. Ba cheart staidéar a dhéanamh ar mhodhanna na dtíortha sin, le fáil amach cén chaoi ar éirigh leo an treocht a iompú droim ar ais agus le féachaint an féidir bealaí chun cinn aithint.

4.4. Is iomaí cúis atá leis an easpa dídine, idir chúiseanna struchtúracha, institiúideacha nó pearsanta. Agus iarrachtaí ar bun an easpa dídine a réiteach, ní mór díriú thar ní ar bith eile ar na cúiseanna struchtúracha atá léi, cuir i gcás aghaidh a thabhairt ar laigí beartais, margaí tithíochta nach bhfuil ag feidhmiú, boilsciú phraghas na dtithe, maoiniú luaineach tithíochta agus beartais lochtacha imirce. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar chúiseanna pearsanta na heaspa dídine amhail an andúil, drochshláinte mheabhrach nó (col)scaradh.

4.5. An chuid is mó de na tíortha, is ar bhonn na freagartha éigeandála atá siad ag tabhairt faoin easpa dídine fós, trí bhíthin chóras na mbrúnna, in áit féachaint leis an easpa dídine a chosc nó deireadh a chur léi tríd an tithíocht a chur ar fáil, maille le tacaíocht más gá. Is cuma má áirítear an easpa dídine ina sárú láithreach ar chearta an duine, is cur chuige atá uireasach ó thaobh chearta an duine de an cur chuige atá á leanúint ag an gcuid is mó de na tíortha. Ba cheart meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar na cleachtais sin ó thaobh na gceart bunúsach de agus, i gcás sáruithe, ba cheart a iarraidh ar na Ballstáit a gcleachtais a athrú.

4.6. Beidh beartais choisctheacha spriocdhírithe láidre ag teastáil má táthar chun dul i ngleic leis an easpa dídine. Ar cheann de na pointí tosaigh is coitianta dóibh siúd a bhíonn thíos leis an easpa dídine, tá an scaoileadh amach as ionad institiúideach (ón bpríosún, ó ionad cúraim shíciatraigh nó ó ionad cúraim don óige). Ba cheart idirghabháil a dhéanamh lena chinntiú nach scaoilfear daoine amach as ionaid institiúideacha mura bhfuil teacht acu ar chóiríocht tithíochta sheasmhach. Bealach éifeachtach eile chun an easpa dídine a sheachaint is ea an díshealbhú a chosc. Caithfear aghaidh a thabhairt freisin ar an díláithriú éigeantach a bhaineann leis an díshealbhú a dhéantar faoi choim athchóiriú agus leis an mbochtaineacht fuinnimh. An bunús fianaise atá ann, ar ar féidir an cosc spriocdhírithe a bhunú, tá sé sách lag agus ní mór a thuilleadh taighde agus trialacha a dhéanamh.

4.7. Coirpigh a dhéanamh de na daoine gan dídean a mhaireann amuigh ar an tsráid agus pionós a ghearradh orthu, tá an nós sin á chleachtadh go forleathan i gcónaí, cé gur minic gur sárú ar chearta an duine déanamh amhlaidh. De bhreis air sin, géaraíonn cleachtais dá leithéid sin ar na cúiseanna atá leis an easpa dídine nár tugadh aghaidh orthu go fóill nuair a chuirtear iallach ar dhaoine atá i gcruatan dul i bhfolach agus na seirbhísí sóisialta a sheachaint. Tá fianaise ann gur i gcoinne dhlí na hEorpa agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta atá an coiriúlú agus an pionósú, gur idirghabhálacha neamhéifeachtacha iad agus go mbíonn costas mór ag baint leo de ghnáth.

5. **Barúlacha breise**

Tús Áite don Tithíocht

5.1. De réir chur chuige an Túis Áite don Tithíocht, áirítear an tithíocht ar cheann d'ionstraimí lárnacha an ath-imeasctha, in áit thoradh an phróisis ath-imeasctha a ghabhann le córas na mbrúnna. De réir an chur chuige seo, tugtar cóiríocht tithíochta don duine gan dídean mar an gcéad chéim, gan coinníoll tacaíocht a ghlacadh ná dul chun cinn pearsanta a léiriú. An loighic is bunús leis an gcur chuige ná gurb é toradh na seasmhachta agus na sábháilteachta a airíonn an duine gan dídean a dtugtar cóiríocht tithíochta dó go gcuirtear ar a chumas aghaidh níos fearr a thabhairt ar na fadhbanna eile atá aige, agus gurb éifeachtaí agus gurb éifeachtúla is féidir seirbhísí a sholáthar don duine a bhfuil cóiríocht tithíochta chinnte aige. Deiseanna tithíochta ar chaighdeán íosta, ba cheart an méid sin a bheith ina cheart bunúsach agus ba cheart a soláthar a bheith ina oibleagáid ar na Ballstáit má táthar chun cuspóirí Dhearbhú Liospóin a bhaint amach faoi 2030. Creideann CESE freisin gur léiriú é an Tús Áite don Tithíocht ar na luachanna Eorpacha a eascraíonn as an gConradh, as na coinbhinsiúin Eorpacha agus idirnáisiúnta agus as traidisiún an daonnachais Eorpaigh.

5.2. Tá fianaise mhór ann go n-éiríonn leis an Tús Áite don Tithíocht. De ghnáth, is mó ná 80 % ráta coinneála na tithíochta, roinnt blianta i ndiaidh don duine gan dídean teach a fháil, fiú. Lena chois sin, tagann feabhas ar shláinte agus folláine an duine gan dídean freisin, de thoradh an chur chuige seo. Sna tíortha siúd a bhfuil earnáil brúnna fhairsing agus an-ghairmiúil iontu, is iondúil freisin gur saoire cur chuige an Túis Áite don Tithíocht. Sna tíortha siúd a théann i muinín chur chuige na freagartha éigeandála, b'fhiú an infheistíocht tosaigh a dhéanamh sa Tús Áite don Tithíocht mar faightear luach an airgid sin i ndeireadh na dála. Tá fianaise ann gur féidir dul i muinín roghanna tithíochta éagsúla chun soláthar tithíochta leordhóthanach a chur ar fáil agus prionsabal an Túis Áite don Tithíocht á chleachtadh, cuir i gcás an tithíocht phríobháideach inacmhainne agus an tithíocht shóisialta ar léas. Féadann samhlacha na ngníomhaireachtaí cíosa ról lárnach a bheith acu i dtaca le soláthar leordhóthanach a chur ar fáil.

5.3. Cur chuige atá ag céim a fhorbartha fós is ea an Tús Áite don Tithíocht. Mar sin féin, is léir na bunphrionsabail a bhaineann leis, agus tá an pobal ar a ndíreofar á leathnú amach i gcónaí, ón dream atá thíos le heaspa sheasta na dídine go dtí na teaghlaigh gan dídean, na mná gan dídean agus an dream óg gan dídean. Tá triail bainte as an Tús Áite don Tithíocht ag an gcuid is mó de Bhallstáit an Aontais, ach níl an cur chuige á chur i bhfeidhm de réir scála na faidhbe nó á chur chun cinn mar bhealach chun córas bainistithe na heaspa dídine a athrú ach ag dornán beag tíortha. Ina fhianaise sin, tá CESE den tuairim go bhfuil géarghá le straitéis Eorpach um an easpa dídine a fhorbairt a bheadh dírithe ar an Tús Áite don Tithíocht agus, dá thoradh sin, cláir réime a fhorbairt do na Ballstáit ina mbeadh comhar ar bun ar leibhéil dhifriúla (áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach). Struchtúir an gheilleagair shóisialta a chuireann tacaíocht riachtanach ar fáil, ní mór iad a chur chun cinn freisin.

5.4. Tá freagrachtaí reachtacha ar an Aontas a bhféadfadh éifeacht sheachtrach dhiúltach a bheith acu i gcásanna áirithe agus ceist na heaspa dídine a dhéanamh ní ba mheasa. Dá bhrí sin, na tionscnaimh um an dlí Eorpach a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus a tháinig chun cinn le déanaí, caithfidh siad a chinntiú nach n-éireoidh an tithíocht níos daoire fós. Cuid de na tionscnaimh dhlí faoin gcomhshocrú maidir leis an imirce, caithfear iad a athdhearadh chun an dua a bhaineann leis an rochtain ar chóiríocht (éigeandála) a laghdú. Sa lá atá inniu ann, fiú, bíonn na mílte iarrthóirí tearmainn ag codladh amuigh nó in áitribh shuiteora i gcuid de na Ballstáit, rud ar sárú ar an Treoir maidir le Dálaí Glactha é ([6]). Tá píosaí eile reachtaíochta Eorpaí ann a bhronann cearta go sonrach ar na daoine gan dídean (mar shampla, an Treoir maidir le Cuntais Íocaíochta ([7]) agus an Treoir maidir le hUisce Óil ([8])). Tá an dá phíosa reachtaíochta sin á sárú i gcuid de Bhallstáit an Aontais. Tá CESE den tuairim gur cheart na saincheisteanna sin go léir a chur san áireamh agus aghaidh a thabhairt orthu go sonrach sa straitéis Eorpach um an easpa dídine, straitéis a bheadh faoi chuimsiú chreat Eorpach arbh é ab aidhm dó deireadh a chur leis an easpa dídine san Eoraip faoi 2030.

5.5. Tá teorainn leis na hinniúlachtaí atá ag an Aontas d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine. Mar sin féin, faoi chuimsiú mhodh oscailte an chomhordúcháin, is féidir leis an Aontas tacú leis na Ballstáit trí bhíthin na foghlama comhpháirtí trasnáisiúnta, trí thaighde comparáideach a dhéanamh agus sonraí a bhailiú, trí fhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an bheartais agus tríd an rochtain ar chistí agus deiseanna maoiniúcháin an Aontais a chinntiú. Is tábhachtach an ról a bhí ag an Aontas, go háirithe sna Ballstáit nua, i dtaca le cáilíocht na seirbhísí a fheabhsú agus tionscnaimh a thriail, arna maoiniú ag Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESIF) agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD), inar baineadh leas as an Tús Áite don Tithíocht nó cur chuige eile a bhí á threorú ag an tithíocht i gcás spriocghrúpaí ar leith. D'fhéadfadh sé go seolfaí breis tionscadail phíolótacha a mbeadh rath orthu dá ndéanfaí faireachán in athbhreithnithe agus moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh ar na cinn a bhfuil ag éirí leo cheana.

([6]) Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh (IO L 180, 29.6.2013, lch. 96).

([7]) Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214)

([8]) Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).

5.6. Tá a thuilleadh tacaíochta de dhíth ar chur chuige an Túis Áite don Tithíocht, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus sóisialta, má táthar chun cuidiú le daoine éalú as an easpa dídine. Tá gá freisin leis an sainchúram, leithéidí tithe dílse scoir agus cúram spriocdhírithe do dhaoine scothaosta agus daoine a bhfuil riachtanais leighis acu, cuir i gcás. D'fhonn feabhas a chur ar an eolas agus na huirlisí atá ann chun an easpa dídine a chomhrac, leithéidí an Túis Áite don Tithíocht, ba cheart don Choimisiún a thuilleadh taighde a dhéanamh ar an easpa dídine agus sonraí imdhealaithe a bhailiú.

An Bhruiséil, an 13 Nollaig 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE